# Eleathanach 450

Dé Luain, an 20 Samhain 2023

## BioBeo

Ar chuala tú faoin togra BioBeo? Is togra é faoin mbitheacnamaíocht. [https://www.biobeo.eu/](https://www.biobeo.eu/)

Tá foireann ó Ollscoil Mhá Nuad ag dul amach chuig scoileanna agus ag obair le páistí bunscoile. Déanfaidh na páistí foghlaim faoin nádúr amuigh faoin spéir.

Cuirfidh na páistí coillín beag agus lochán beag i ngach scoil! Foghlaimeoidh gach duine le chéile faoin mbitheacnamaíocht agus faoi dhraíocht an dúlra. Bainfidh na páistí taitneamh as an bhfoghlaim faoin spéir!

Ar mhaith le do scoil níos mó a fhoghlaim faoin mbitheacnamaíocht? Cuir ríomhphost chuig maire.nicanbhaird@mu.ie agus laoise.nichleirigh@mu.ie

## Raideog

Féach ar an bpíosa nuachta seo ó RTÉ le déanaí - [From local lore to lab, unlocking nature's pharmacy (rte.ie)]


An raibh a fhios agat go bhfuil eolaithe i gColáiste na Trionóide ag obair sa phortach! Tá siad ag obair leis an mbláth ón bportach darb ainm 'raideog'.

Is léir do na heolaithe gur úsáid muintir na hÉireann 'raideog' leis an ruaig a chur ar na feithidí agus iad ag obair ar an bportach fadó fadó in Éirinn. Fuair siad an t-eolas seo ó www.duchas.ie.

Tá na heolaithe sa tóir ar leacht nua ionas gur féidir leo daoine a chosaint ó phlaic na muiscíte! Táimid cinnte anois go bhfuil draíocht sa phortach!





## Katie McCabe

Is Éireannach í Katie Mc Cabe. Is as Tamhlacht í. Tá sí 27 mbliana d'aois. Is imreoir sacair í. Imríonn sí sacar don fhoireann Arsenal. Imríonn sí ar son fhoireann na hÉireann freisin.

Scóráil sí cúl ar son na hÉireann ag an gCorn Domhanda. Bhí sí ainmnithe don duais Ballon d'Or 2023. Níor bhuaigh sí an uair seo!

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7